V

(Fógairtí)

NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10764 – SAGARD / BPIFRANCE / ADIT JV)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 243/08)

1. An 16 Meitheamh 2022, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Sagard SAS ("Sagard", an Fhrainc),

— Bpifrance Investissement ("Bpifrance", an Fhrainc),

— Grúpa ADIT (an Fhrainc).

Gheobhaidh Sagard agus Bpifrance rialú comhpháirteach ar ghrúpa ADIT de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Is trí cheannach scaireanna a dhéanfar an comhchruinniú.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Sagard: cuideachta bainistíochta cistí infheistíochta atá gníomhach go príomha sa Fhrainc. Tá sé faoi rialú an ghrúpa Power Corporation i gCeanada, cuideachta idirnáisiúnta bainistíochta agus sealbhaíochta atá dírithe ar sheirbhísí airgeadais i Meiriceá Thuaidh, san Eoraip agus san Áise,

— Bpifrance: cuideachta bainistíochta cistí infheistíochta atá gníomhach sa Fhrainc. Tá Bpifrance faoi chomhrialú deiridh ag Stát na Fraince agus ag Caisse des Dépôts et des Consignations, comhlacht poiblí atá gníomhach i mbainistiú cistí príobháideacha,

— Tá an grúpa ADIT gníomhach in earnálacha na comhairle straitéisí agus na slándála gnó, san Aontas Eorpach go príomha.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin, áfach.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i ndáil le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara gur cás é seo ab fhéidir a chóireáil faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10764 – SAGARD / BPIFRANCE / ADIT JV

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

Commission européenne
Direction générale de la concurrence
Greffe des concentrations
1049 Bruxelles
BELGIQUE